AN ROINN OIDEACHAIS

SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

SPÁINNIS

BROLLACH

Is siollabas cumarsáideach é seo. Tá sé leagtha amach de réir riachtanas, ionchas agus ábhar suime na ndaltaí atá i rang teanga iasachta.

Is annamh a chaitheann foghlaimeoirí óga sa tír seo idirchumarsáid bharántúil a dhéanamh sa sprioctheanga le cainteoir dúchais. Is é an gá is mó a bhíonn acu léi, í a thuiscint agus a úsáid chun cumarsáide agus foghlama sa seomra ranga. Mar sin féin, tá na daltaí ag súil, rud atá réasúnta, go mbeidh siad ábalta, de thoradh a gcuid oibre sa rang teanga, cúrsaí a bharraíocht i dtír gurb í an teanga sin an teanga dhúchais ann. Tá sé réasúnta leis, go mbeadh na daltaí ag súil leis go mbainfear leas le linn a gcuid foghlama as na hábhair suime agus as na gníomhaíochtaí ar spéis leo féin iad.

Is siollabas teagaisc é seo; tá tuairisc ann ar an líon is lú ábhar suime agus tascanna cumarsáide ar cheart do dhaltaí ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh, cúram a dhéanamh díobh.

Is samplaí iad na míreanna teanga, atá sna liostaí a bhfuil an ceannteideal "ROINNT EISEAMLÁIRÍ" orthu, de ráite a bhféadfaí leas a bhaint astu chun tascanna áirithe cumarsáide a chur i gcrích. Is chun treoir a dhéanamh a roghnaíodh an beagán seo eiseamláirí agus is féidir leis an múinteoir na daltaí a chur á gcleachtadh sin, nó, mar mhalairt orthu, focail agus frásaí éigin eile. Ní gá go mbeadh máistreacht ag na daltaí ar na heiseamláirí go léir atá ar na liostaí; ba cheart, áfach, go mbeidís ábalta na tascanna cumarsáide ar fad a chur i gcrích ar leibhéal bunúsach, ach go háirithe.

Ní liostaí d'eiseamláirí iad seo atá á ndlí ar lucht ceaptha scrúdpháipéar an Teastais Shóisearaigh. Is í an aidhm a bheidh leis na scrúduithe sin ná, inniúlacht ar chumarsáid, chomh fada agus a bhaineann sé leis na hábhair suime agus na tascanna, a thástáil agus ní gá go gcloífí leis an liosta eiseamláirí atá foilsithe mar chuid den siollabas.

MEASÚNÚ AN GHNÁTHLEIBHÉIL AGUS AN ARDLEIBHÉIL

Is í aidhm an tsiollabais cúram a dhéanamh de dhaltaí ar gach céim den raon cumais. Beidh dhá leibhéal measúnaithe ann, An Gnáthleibhéal agus an tArdleibhéal. Cé go bhfuil an siollabas céanna ann don dá leibhéal déanfar na tascanna cumarsáide a chomhlíonadh le húsáid teanga a bheidh ar chéimeanna difriúla castachta. Beifear ag súil leis go gcomhlíonfaidh na daltaí ar fad na tascanna céanna ach go gcuirfidh iarrthóirí ar scrúdú an Ghnáthleibhéil i gcrích iad i bhfriotal a bheidh níos simplí.

Aidhmeanna Coiteanna

1. Aidhmeanna coiteanna oideachais

Is iad aidhmeanna coiteanna oideachais an Teastais Shóisearaigh Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise:

(a) cur le tuiscint na ndaltaí ar theanga mar chóras cumarsáide;

(b) cabhrú le daltaí dul i bhfios cultúir eile agus sa tslí sin teacht ar thuiscint níos oibiachtúla ar ghnéithe dá gcultúr féin;

(c) forfhás a chur faoi chumas an dalta páirt a ghlacadh in idirbheartaíocht agus i gcómhalairt thorthúil le daoine eile;

(d) cuidiú le forás an dalta féin agus a chuid acmhainne comhdhaonnachta le cabhair (a), (b) agus (c);

(e) an deis a thabhairt do na daltaí teacht ar fhoinsí eolais agus ar fhoinsí saibhrithe cultúir agus ar fhoinsí siamsaíochta trí bhíthin na sprioctheanga;

(f) na daltaí a spreagadh agus a inleadh chun go gcuimhneoidh siad ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí comhdhaonnachta agus cultúir ina mbainfí, b'fhéidir, úsáid éigin as an sprioctheanga;

(g) é a chur ar chumas na ndaltaí cuimhneamh ar phost a ghlacadh nó sochar éigin a bhaint as deiseanna breisoideachais/oiliúna a mbeadh eolas éigin ar an sprioctheanga riachtanach, b'fhéidir, ina gcomhair;

(h) an cineál sin taithí ar fhoghlaim teanga a thabhairt do na daltaí, a spreagfaidh iad chun teangacha eile a fhoghlaim ar ball agus a éascóidh an fhoghlaim dóibh;

(i) roghanna saothair, breisoideachais agus fóillíochta an dalta, a mhéadú trí bhíthin (e),(f),(g) agus (h).

2. Aidhmeanna coiteanna cumarsáide

Is iad aidhmeanna coiteanna cumarsáide an Teastais Shóisearaigh Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise:

(a) é a chur ar chumas na ndaltaí dul i ngleic go fuaimintiúil leis an ngnáthúsáid a bhaintear as an sprioctheanga sa rang;

(b) na daltaí a oiliúint i dtreo go mbeidh sé d'inniúlacht iontu leas a bhaint as an sprioctheanga chun fóirthinte ar a gcuid bunriachtanas cumarsáide, mithuiscintí agus/nó ábhar móraiféaltais a sheachaint, agus caidreamh éigin a chur ar dhaoine i dtíortha nach bhfuil ach an sprioctheanga á labhairt iontu nó ar ócáidí nach mbíonn ach an sprioctheanga i dtreis;

(c) cabhrú le daltaí saothrú a dhéanamh ar na scileanna teanga a chuirfidh ar a gcumas cúram a dhéanamh, trí bhíthin na sprioctheanga, de ghnéithe éigin, ar a laghad, dá gcuid ábhar suime coiteann;

(d) a dheimhniú, le cabhair (a), (b) agus (c), nó i slí éigin eile, go mbeidh na daltaí chomh hinniúil sin ar an sprioctheanga go mbeidh sí ina cúnamh dóibh chun na haidhmeanna coiteanna oideachais, atá áirithe thuas, a chur i gcrích.

Cuspóirí Iompraíochta

Réamhrá

Is iad cuspóirí iompraíochta an tsiollabais, go bunúsach, na tascanna cumarsáide sin ar chóir go mbeadh an foghlaimeoir in ann iad a chomhlíonadh d'fhonn na haidhmeanna atá áirithe thuas a chur i gcrích. Ba cheart a chuimhneamh gur féidir aon tasc cumarsáide atá le déanamh a chomhlíonadh go héifeachtach i roinnt slite éagsúla, agus leas á bhaint as friotal a fhéadfadh a bheith ar leibhéil éagsúla castachta. Ba chóir mar sin, go mbeadh daltaí ó cheann ceann an raoin chumais ábalta na tascanna seo a chur i gcrích le héifeacht, sa tslí gur i neart de réir a chéile, agus nach i laige, a rachadh a gcuid muiníne astu féin agus iad ag úsáid na sprioctheanga.

Chomh fada agus is féidir é, tá na tascanna atá áirithe neodrach chomh fada agus a bhaineann leis an iompar is cuí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Is é an fáth atá leis sin nach bhfuil an siollabas seo ag cumhangfhreastal ar imthosca láithreacha na ndaltaí, ach go bhfuil iarracht ann cúram a dhéanamh don ghá leanúnach agus fadtréimhseach a bheidh acu le hinniúlacht ar an sprioctheanga.

Deineadh cúram de, leis, go mbeadh cothromaíocht idir na cuspóirí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí cosúil le bailiú eolais agus siopadóireacht (idirbheartaíocht, i.e. dírithe ar theachtaireachtaí) agus iad sin a bhfuil baint acu le caidreamh a thionscnamh agus a choimeád ar siúl (cómhalairt i.e. dírithe ar an éisteoir). Tá an chothromaíocht seo idir idirbheartaíocht agus cómhalairt i gceist mar gurb í aidhm an tsiollabais an bealach a réiteach do na daltaí, sa tslí go mbeidh siad ábalta scileanna a shaothrú a chuirfidh ar a gcumas caidreamh éigin a chur ar dhaoine eile le cabhair na sprioctheanga, i dteannta lena bheith ábalta í a chur chun lomfhónaimh.

Muna bhfuil na tascanna go léir atá áirithe anseo ar aon-dealraitheacht mar shamplaí d'úsáid nádúrtha teanga iasachta, is é an fáth atá leis, go bhfuil teora leis na deiseanna

múinteoireachta agus tástála agus dá bhrí sin nach mór tascanna "a bhfuil baint acu le" nó ar "réamhriachtanais" iad d'úsáid bharántúil teanga a chur san áireamh. Ní sampla ró-dhealraitheach é den úsáid a bhaintear as an sprioctheanga mar theanga iasachta sa ghnáthshaol, cuir i gcás, an tasc clostuisceana gurb é a bhíonn i gceist leis go bhfreagródh an dalta ceisteanna ina t(h)eanga dhúchais faoin eolas a bhain sé/sí as píosa cainte sa sprioctheanga. Ach tá baint ag an tasc áirithe sin le cinn atá níos barántúla ná é, mar atá, a insint do dhuine nach dtuigeann an sprioctheanga cad é atá á rá ag cainteoir dúchais, nó, cad é atá ar siúl ar scannán nó ar chlár teilifíse atá sa teanga sin. Ina theannta sin braitheann comhlíonadh taisc dá leithéid ar phróiseas (scaoileadh cóid theanga labhartha) nach féidir a thástail go glandíreach agus nach foláir máistreacht a fháil air sular féidir d'aon chineál cumarsáide nádúrtha tarlú.

Tascanna, gníomhaíochtaí agus eiseamláirí.

Tá na tascanna cumarsáide anseo thíos roinnte in dhá mhórearnáil; in earnáil amháin tá na cinn nach bhfuil i gceist leo ach úsáid ghabhálach na sprioctheanga (G1-G2), agus san earnáil eile tá siad siúd gurb í úsáid tháirgiúil na sprioctheanga atá i gceist leo (T1-T20). Táthar ag súil go mbeidh an teanga atá riachtanach chun na tascanna atá áirithe san earnáil dheireanach seo a chomhlíonadh i bhfónamh leis do scileanna gabhála an dalta. Níl a mhalairt sin fíor áfach; sé sin, ní bheidh sé d'fhiacha ar na daltaí feidhm tháirgiúil a bhaint as an teanga atá ag dul leis na tascanna atá áirithe ina dtascanna gabhálacha agus leo sin amháin.

Tá na tascanna roinnte i ngrúpaí laistigh den dá earnáil atá luaite thuas agus is leideanna iad na ceannteidil atá ar na grúpaí seo faoi ghníomhaíochtaí coiteanna agus téamaí a bhféadfadh baint a bheith ag tascanna dá leithéidí seo leo. Is chun éascaíochta aimsithe an leagan amach seo agus níl sé le tuiscint as gur gá go mbeadh ceangal docht daingean idir tasc áirithe agus gníomhaíocht choiteann nó téama ar leith.

Cuirtear i bhfios cnuasach beag eiseamláirí léirithe teanga le haghaidh gach grúpa tascanna cumarsáide a bhfuil usáid tháirgeach

na teanga i gceist leo. Ba cheart a chuimhneamh, arís, gur chun go mbeadh an té a bheadh ag gabháil don siollabas in ann tagairt láithreach dóibh d'fhonn treorach, agus chuige sin amháin, atá na ráite seo á gcur san áireamh agus níor cheart aon tátal a bhaint astu faoin méid teanga ar chóir don dalta a bheith ábalta a chur chun feidhme, chun tascanna áirithe a bhfuil úsáid tháirgeach na teanga i gceist leo a chur i gcrích.

TASCANNA NACH GÁ CHUCU ACH CUMAS GABHÁLACH SPÁINNISE

(Cf. an chéad alt san roinn ar a bhfuil an ceannteideal Tascanna, gníomhaíochtaí agus eiseamláirí).

G1 Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Éisteacht d'fhonn eolas a fháil
Tascanna Cumarsáide:	Príomhéirim na gcineálacha fógraí a chloisfeá, is dócha, i stáisiún bus, i stáisiún traenach, i gcríochphort farantóireachta, in aerphort, in óstán agus i siopa mór, a thuiscint Príomhéirim fógraí nuachta (atá simplithe) a thuiscint Príomhéirim comhráití agus teachtaireachtaí teileafóin, nuair a bhíonn comhlíonadh na dtascanna atá áirithe in T1 - T16 agus T19 i gceist, a thuiscint Freagraí i nGaeilge nó i mBéarla nó gan chabhair teanga a thabhairt ar cheisteanna i nGaeilge nó i mBéarla faoi phríomhéirim fógraí, nuachtráiteas, comhráití agus teachtaireachtaí teileafóin cosúil leosan a bhfuil cuntas orthu thuas
G2 Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Léamh d'fhonn eolas a fháil.
Tascanna Cumarsáide:	Príomhéirim na gcineálacha foláirimh, comharthaí eolais agus fógraí a fheicfeá ar an mbóthar, ar shráideanna baile mhóir nó sráidbhaile, agus i stáisiún bus, i stáisiún traenach, i gcríochphort farantóireachta, in aerphort, in óstán, i mbrú agus i siopaí, a thuiscint.

Príomhéirim biachláir a thuiscint
Príomhéirim fógraí pictiúrtha (barántúla) a thuiscint
Príomhéirim gearrthuairiscí (barántúla) nuachtán/irisí atá oiriúnach don aoisghrúpa a thuiscint
Príomhéirim litreacha, foirmeacha, curricula vitae agus leaganacha scríofa de chomhráite, nuair atá comhlíonadh na dtascanna atá áirithe in T1 - T20 i gceist, a thuiscint
Coimre ó bhéal nó scríofa, i mBéarla nó i nGaeilge, a dhéanamh ar phríomhéirim comharthaí, fógraí, fógraí stocaireachta, tuairiscí, litreacha agus leaganacha scríofa cosúil leosan a bhfuil cuntas orthu thuas
Freagraí i nGaeilge nó i mBéarla nó gan chabhair teanga a thabhairt ar cheisteanna i nGaeilge nó i mBéarla faoi phríomhéirim comharthaí, fógraí, fógraí stocaireachta, tuairiscí, litreacha agus leaganacha scríofa cosúil leosan a bhfuil cuntas orthu thuas.

T1 Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Bualadh le daoine agus aithne a chur orthu
Tascanna Cumarsáide:	Beannú do dhaoine Fiafraí de dhuine cad is ainm dó/di D'ainm féin a lua Fiafraí de dhuine cén aois é/í D'aois féin a lua Fiafraí de dhuine cad as é/í
Roinnt Eiseamláirí:	- hola/buenos días/buenas tardes/noches - ¿ qué tal? - ¿ cómo + estar? - ¿ cómo + llamarse? - ¿ cuántos años + tener? - tener + uimhir + años - ¿ de dónde + ser? - presentar/presentarse - ¿ de quién + ser? - hasta luego/adiós
T2 Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus a bheith ag caint fúthu
Tascanna Cumarsaíde:	Fiafraí de dhuine cad ba mhaith leis/léi a dhéanamh A rá cad ba mhaith leat a dhéanamh A mholadh go ndéanfaí rud éigin Aontú le, nó diúltú do mholadh Cuireadh a thabhairt do dhuine éigin chuig rud éigin Freagra a thabhairt ar chuireadh Fiafraí de dhaoine faoina gcuid imeachtaí saoraimsire

Fiafraí cén fáth/cén fáth nach
Cur síos a dhéanamh ar do chuid imeachtaí saoraimsire féin

Roinnt Eiseamláirí:

- ¿ qué + querer + hacer?
- querer + AN INFINID
- úsáid an chéad phearsa iolra de IR chun moltaí a chur in iúl, m.sh. vamos al cine; vamos a + AN INFINID
- de acuerdo
- pasar el día/la tarde/la noche
- ¿ cuánto tiempo + durar?
- durar + UIMHIR + minutos/horas
- gustar + hacer
  m.sh. hacer deportes
  jugar al fútbol
  ver la tele(visión)
  escuchar la música pop
  ir a la discoteca
- parecer + AINMFHOCAL
  m.sh., ¿qué te parece...?
  bien/regular/interesante/
  estupendo/aburrido
  la novela/el artículo/
  la revista / el video/
  el programa/la película
- estar + de acuerdo
- no estar + de acuerdo

T3 Gníomhaíocht/ Téama Coiteann: Pleananna a bheartú

Tascanna Cumarsáide: Fiafraí de dhuine éigin faoi cad atá beartaithe aige/aici le haghaidh dheireadh na seachtaine nó na laethanta saoire
A rá cad atá beartaithe agat le

haghaidh dheireadh na seachtaine nó na laethanta saoire

Socrú a dhéanamh chun bualadh le duine éigin

Roinnt Eiseamláirí:

- poder + AN INFINID
  m.sh. podríamos ir a la playa o al campo
- ¿ qué es lo que + ir a + hacer?
  este fin de semana/durante las vacaciones
- que + gustar + más + FRÁSA AINMFHOCLACH
- que + preferir + AN INFINID
  m.sh. ¿ qué prefieres, hacer deportes o ir al cine?
- IR + AN INFINID
- ¿ qué es lo que + esperar/querer/gustar? (COINNÍOLLACH) + hacer en la vida
- esperar/querer/gustar (COINNÍOLLACH)
- ser + AINMFHOCAL/ hacerse + AINMFHOCAL/ dedicarse a/al/ a la + AINMFHOCAL
  trabajar en + AINMFHOCAL
- ¿ dónde?
- ¿ cuándo?
- ¿ a qué hora?
- encontrarse con
- LAETHANTA NA SEACHTAINE
- el + UIMHIR + de + MÍ
- A + UIMHIR
  de la madrugada/ mañana/tarde/noche
- a + UIMHIR + y/menos/ + cuarto/media

T4 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Ar cuairt/Ag fanacht i dteach ina labhartar Spáinnis

Tascanna Cumarsáide:
Do bhuíochas a chur in iúl
"Más é do thoil é" a rá
"Go raibh maith agat" a rá
Cabhair a thairiscint
Cabhair a iarraidh
Rudaí a iarraidh
Fiafraí cad é/cé acu is ceart a thógáil leat/a úsáid etc.
Cead a iarraidh
Sásamh/míshásamh a chur in iúl
Eolas a iarraidh faoi ghnáthamh an teaghlaigh

Roinnt Eiseamláirí:
- mostrar cortesía
- por favor/gracias
- poder + ayudar + le/te
  (Ej. ¿Puedo ayudarle?
  ¿ Me puede/me puedes ayudar?)
  poder pasar (Ej. ¿ Puedes pasarme la sal por favor?)
  ¿ Cuál?
- estar (+muy) + contento (feliz)

T5 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Caint faoin teaghlach agus faoin teach cónaithe agat féin

Tascanna Cumarsáide:
A rá cé mhéad dearthháireacha agus deirfiúracha atá agat
A rá cad a bhíonn ar siúl ag do thuismitheoirí
A rá cén dealramh atá ar bhaill éagsúla an teaghlaigh
A rá cá gcónaíonn tú
Cuntas a thabhairt ar do cheantar féin

Cuntas a thabhairt ar an teach nó ar an árasán ina bhfuil
cónaí ort
A rá cá bhfuil rudaí sa bhaile
A rá cad a bhíonn ar siúl agat sa bhaile de ghnáth

Roinnt Eiseamláirí:

- tener + número + hermano(s)
- Mamá, Papá trabaja en/como/hace
- mi mamá/mi papá es/hace
- está sin empleo/trabajo
- ser + pequeño/grande/rubio/moreno
- tener + el pelo negro/los ojos azules etc.
- no + es + muy + Aidiacht
- vivir en + nombre del pueblo etc.
- vivir en el sur/norte/este/oeste
- vivir en + nombre de la ciudad/urbanización/pueblo
- es una gran ciudad, una ciudad pequeña etc./un pueblecito, pueblo/está en el campo casa/piso, apartamento/chalet pequeño/grande
- tener + número + cuartos
- estar en/delante de/detrás de/enfrente de/cerca de etc.
- en casa
- levantarse/comer/ver la tele/acostarse
- a la/las + am cloig

T6 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Caint faoi ainmhithe

Tascanna Cumarsáide: Fiafraí faoi pheataí
A rá cé acu an bhfuil peata agat nó nach bhfuil agus má tá, cad é
Ainmneacha a chur ar roinnt ainmhithe feirme
A rá go dtaitníonn nó nach dtaitníonn ainmhithe áirithe leat
Ainm a chur ar roinnt bianna a itheann ainmhithe

Roinnt Eiseamláirí:
- tener/gustarle/encantarle
- animales domésticos-perro, gato, conejo, vaca, caballo, oveja, etc.
- no + gustar
- tenerle manía a
- preferir
- comer carne, pescado, ensalada, verduras

T7 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Caint faoin aimsir

Tascanna Cumarsáide: Cuntas a thabhairt ar an aimsir
A rá cad a dhéanann tú nuair a bhíonn an aimsir go maith/go dona

Roinnt Eiseamláirí:
- Neamhphearsanta - hace muy buen tiempo/mal tiempo/calor/ frío/viento.....
- llueve neamhphearsanta...
- cuando hace calor + BRIATHAR

T8 Gníomhaíocht/ Téama Coiteann:	Caint faoi rudaí atá déanta agat, faoi rudaí a tharla, agus faoin gcaoi a mbíodh rudaí.
Tascanna Cumarsáide:	A insint cad a dhein tú nó nár dhein tú inné, an tseachtain seo caite, an mhí seo caite, an bhliain seo caite, um dheireadh na seachtaine, le linn na laethanta saoire etc. Fiafraí cad a tharla A rá cad a tharla Cuntas a thabhairt ar an tslí a mbíodh cúrsaí
Roinnt Eiseamláirí:	- AIMSIR FHOIRFE BRIATHRA - hoy, este fin de semana, estas vacaciones etc. - Pasar..... - PRÉITIRÍTEACH BRIATHRA - Anoche, la semana pasada, ayer etc. - ¿ Qué + Pasar....? - GNÁTHCHAITE BRIATHRA - Cuando + clásal m.sh. Cuando era niño....
T9 Gníomhaíocht/ Téama Coiteann:	Caint faoin scoil agus comhrá an ranga
Tascanna Cumarsáide:	A rá cad a tharlaíonn i rith gnáthlae scoile agus cathain a tharlaíonn sé Do thuairim faoi ábhair scoile éagsúla a nochtadh A rá cé chomh maith nó cé chomh holc atá tú ag ábhair áirithe Cabhair/mínithe/eolas a iarraidh Fiafraí conas rud éigin a rá as Spáinnis

Fiafraí cad is brí le rud éigin i nGaeilge nó i mBéarla
A iarraidh ar dhuine éigin rud a athrá nó a chur i bhfocail eile
A iarraidh ar dhuine rud éigin a rá níos moille
A rá nach dtuigeann tú rud éigin
Foclóir a iarraidh
Rudaí a mholadh d'fhonn a ndéanta
Moladh a phlé
A rá cé atá as láthair agus cén fáth
Leithscéal a ghabháil as a bheith déanach nó as iompar míthaitneamhach
An fáth a raibh tú déanach nó ar dhein tú rud éigin, a mhíniú
An fáth nár dhein tú do chuid oibre baile, a mhíniú
A shocrú i gcomhar le do chomhdhaltaí, nuair atá obair
ghrúpa nó bheirte le déanamh, cé a dhéanfaidh rudaí éagsúla, i dteannta le cén duine/daoine a dhéanfar iad, agus cathain sin
Tosú ar ghníomhaíocht
Trácht ar ghníomhaíocht atá ar siúl agat féin nó ag daoine eile
Gníomhaíocht a athrú/a chríochnú
A iarraidh go gcuirfí triail ort

Roinnt Eiseamláirí:

- a la/las + AM CLOIG
- levantarse
- ir a pie/en bicicleta
- coger el autobús/el tren
- asignaturas, clases, recreo, etc.
- empezar a

- teminar de
- FORAINM CUSPÓIREACH INDÍREACH + gustar/ainmní
  No + FORAINM CUSPÓIREACH INDÍREACH + gustar le + AINMNÍ
- SER (+ bastante/muy/demasiado) fácil/difícil
- FORAINM CUSPÓIREACH INDÍREACH + interesar/aburrir
- SER mejor/peor en + AINM AN ÁBHAIR
- Se me da muy bien el español
  Se me dan muy bien las ciencias
- ¿ Vd. puede ayudarme/explicarme/decirme? nó ¿ Me puede ayudar/explicar/decir?
- ¿ Cómo se dice en español?
- ¿ Qué significa/quiere decir..... en inglés?
- Repita
- ¿ Puede Vd. explicármelo más sencillamente?
- Hable un poco más despacio
- No entiendo....
- ¿ Puede Vd. darme un diccionario, por favor?
- ¿ se puede + AN INFINID?
- Creo que es una buena/mala idea porque.....
- .....no está porque... enfermo, al dentista, en la piscina
- sentirlo....
- haber llegado tarde, hecho una bobada/tontería
- haber llegado tarde/haber hecho esto/dicho esto,porque...

- No he hecho los deberes, porque....
- ¿ quién, a quién, con quién?
- empezar a
- ser el primero, el segundo etc. en empezar a/hablar/seguir...
- estaba (muy) bien/no estaba tan malo/tan bueno etc.
- No, eso no se dice, se dice...
- Cambiar (de)
- Terminar/acabar de
- ¿ Puede Vd. darme un ejemplo?

T10 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Taisteal

Tascanna Cumarsáide: Ticéad a cheannach
Fiafraí faoi thráthanna imeachta agus teachta
Ceann riain bus/traenach/báid/ éitleáin áirithe a dheimhniú
Fiafraí cá fhad a mhaireann turas áirithe
Fiafraí cá bhfuil aerphort/stáisiún etc., agus cá bhfuil áiteanna áirithe san aerphort/stáisiún, etc.

Roinnt Eiseamláirí:
- (Quiero) un billete/de ida/ solo/sencillo/de ida y vuelta para...
- La llegada/la salida
  ¿ A qué hora sale/llega el tren/el autobús/el coche/el avión? (de/para.....)?
  ¿ Es (éste) el tren/el autobús/el coche/el avión para .....?

- la vuelta, el viaje,
- ir (en tren), viajar, salir (de) llegar (a), entrar (en)
- primera clase, segunda clase
- ¿ Cuánto tiempo / Cuántas horas / para ir/hacer....?
- ¿ Por dónde se va/Dónde está? ¿ hay (a) una/la estación, el/un/al aeropuerto ...?
- Oiga, ¿ dónde está(n)?.... el horario
- objetos perdidos
  los servicios, el andén número.....
- la vía número....

T11 Gníomhaíocht/ Téama Coiteann: An ceann is fearr a fháil ar mhothú breoiteachta nó ar mhiontimpiste

Tascanna Cumarsáide:

A rá go mothaíonn tú breoite
A rá go bhfuil rud éigin do do ghortú
Fiafraí an bhfuil ospidéal/ dochtúir/cógaslann in aice láimhe
Fiafraí cathain is féidir leat bualadh leis an dochtúir
Labhairt faoin staid atá ort agus na comharthaí breoiteachta
Cógais agus soláthairtí leighis a cheannach
Feabhas a lua

Roinnt Eiseamláirí: No estar/encontrarse/sentirse bien
Me duele(n) + ball na colainne
Tener dolor de + ball na colainne
¿Hay un médico/un hospital/una farmacia cerca/por aquí cerca?

- ¿Cuándo/a qué hora hay consulta?
- tener (mucho) calor/frío/sueño un resfriado/catarro
- resfriarse
- toser
- ball na colainne + estar roto/rota
- romperse + ball na colainne
- una receta
- medicina, pastillas, vendaje, jarabe, tiritas
- recuperarse, sentirse mejor, mejorarse

T12 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: An t-am, an lá, an dáta a fháil amach agus a insint do dhaoine

Tascanna Cumarsáide: Fiafraí cén t-am é/cén t-am a bhí ann
A rá cén t-am é/cén t-am a bhí ann
Fiafraí cén lá é
A rá cén lá é
Fiafraí cén dáta é
A rá cén dáta é
A rá cén t-am i rith an lae

Roinnt Eiseamláirí:

- ¿Qué hora es/era?
- Es/era/son / era(n) la/las + uimhir
- y/menos cuarto/media de la madrugada/mañana/tarde/noche

¿ Qué día es? ¿ A cuántos estamos?
Es + LÁ
¿ Qué fecha es (hoy)?
Es el + UIMHIR + de (+ Mí)
- por la mañana/tarde/noche

T13 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Eolas na slí a chur agus cabhrú le daoine eile eolas na slí a chur.

Tascanna Cumarsáide: Aird a tharraingt ort féin
Eolas na slí a chur
Eolas na slí a thabhairt
Fiafraí cá fhad ó láthair atá áit
A rá cá fhad ó láthair atá áit

Roinnt Eiseamláirí
- Señor/Señora Señorita
- ¿ me hace el favor de decirme?
- ¿ dónde está .... por favor?
- ¿ hay .... por aquí?
- ¿ para ir al/a la .... por favor?
- tomar, torcer, doblar, seguir, ir, cruzar, bajar, subir
- a la derecha, a la izquierda, todo recto
- la primera, la segunda etc.
- la cocina, el cuarto de baño, la habitación, el cine, la piscina, la iglesia, el mercado, la comisaría, etc.
- ¿ está lejos? ¿queda cerca/lejos?
- no + estar + (muy) lejos
  ¿ A más o menos?
- a casi + UIMHIR + kilómetros

T14	Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Ithe agus ól agus caint faoi bhia agus faoi dheoch
	Tascanna Cumarsáide:	Ag tosú ar bhéile Bia (tuilleadh bia) nó deoch (tuilleadh dí) a thairiscint do dhuine éigin Bia (tuilleadh bia) nó deoch (tuilleadh dí) a ghlacadh ó dhuine éigin Diúltú do (dona thuilleadh) bhia nó do dheoch (dona thuilleadh dí) A iarraidh rud éigin a shíneadh chugat. Fiafraí cad é rud éigin Fiafraí conas a itheann tú rud éigin Forrán a chur ar fhreastalaí i gcaifé nó i mbialann An biachlár a iarraidh Rud éigin le hithe agus/nó le h-ól a lorg An bille a iarraidh/ fiafraí cé mhéad a chosnaíonn sé Ag íoc Eolas a iarraidh faoi chaifí agus faoi bhialanna Eolas a thabhairt faoi chaifí agus faoi bhialanna Ag cur síos ar bhia agus ar dheoch A rá cad is maith leat a ithe agus a ól A rá go bhfuil ocras nó tart ort

Roinnt Eiseamláirí: ¿Hay un restaurante/una cafetería/un bar, por aquí ?
El plato del día es ...
La especialidad de la casa ...

- ¡ Que aproveche!
- ¿ Quiere Vd. quieres?
- ¿ Un poco más de ....?
- de nuevo, otra vez
- por favor
- no gracias
- ¿ poder + pasar /puedes pasarme el vino, por favor?
- ¿ cómo se come esto?
- ¡ camarero! tráigame.....
- la carta (el menú) por favor
- quiero, querría, quisiera..
- café (con leche), té (con leche), chocolate, zumo de fruta, etc.
- un sandwich, una tortilla, tapas, paella, patatas fritas, un perro caliente, una hamburguesa
- la cuenta, por favor
- ¿ están incluidos los impuestos?
- ¡ tenga!
- tener hambre/sed/ganas de comer ....
- dar una propina/dejar propina

T15 Gníomhaíocht/ Téama Coiteann: Siopadóireacht (liosta siopaí)

Tascanna Cumarsáide: Fiafraí an bhfuil an t-earra nó an ball éadaigh atá uait le fáil san siopa
An t-ábhar bia, an sneaic, an

bronntanas, an cárta, an stampa, an ball
éadaigh etc. atá uait a iarraidh
An rud áirithe atá uait a aithint
A rá cén tomhas atá uait
Fiafraí faoi phraghsanna.

Roinnt Eiseamláirí:
- ¿ tiene Vd.....?
- quiero ... por favor
- éste, ésta, estos, éstas
- ése, ésa, esos, ésas - aquél, aquélla, aquéllos, aquéllas
- la talla + UIMHIR
- ¿ cuánto es? ¿qué precio tiene? ¿ cuanto cuesta? ¿ qué número calza?
- Estar de rebaja/rebajado

T16 Gníomhaíocht/Téama Úsáid a bhaint as an teileafón

Coiteann:

Roinnt Eiseamláirí:
- ¡ Oiga!
- ¡ Dígame!
- Soy.....
- ¿ Quién es/eres?
- Está comunicando
- ¿ Se puede hablar con ... por favor?
- ¿ De parte de quién?
- no cuelgue(s)
- llamar a pedir información sobre .....
- Volver a llamar
- UIMHREACHA

T17 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Gearrnóta/cárta poist a scríobh

Roinnt Eiseamláirí:
- PERFECTO Briathar
- llamar por teléfono
- Venir a ver
- FUTURO Briathar
- Ir a + infinid
- Volver a llamar
- Volver
- LAETHANTA NA SEACHTAINE
- a la/las + AM CLOIG
- querer + ver
- en/en casa de
- citarse con/estar citado con..
- tener que + salir
- volver, volver a casa , estar de vuelta
- saludos de + ÁIT
- recuerdos a todos
- pasárselo bien
- pasárselo mal/no + pasarlo bien
- fantástico/aburrido
- porque/por

T18 Gníomhaíocht/Téama Coiteann: Gearrlitir phearsanta a scríobh

Roinnt Eiseamlaírí:
- querido/a ....
- recibir
- gracias por
- dar las gracias por/agradecer
- llamarse
- tener + UIMHIR + años
- tener + UIMHIR + hermanos
- somos hermanos
- mi padre es ..../trabaja en/de....

- mi madre es .../trabaja en/de...
- vivir en
- amigo/amiga
- gustarle + a
- no + gustar + a
- preferir
- encantar + a
- no gustarle nada
- quisiera invitarte a pasar....en mi casa
- ¿ Te gustaría pasar .... en mi casa?
- me gustaría ir pero (por desgracia) .... no puedo
- no + poder
- no + ser + posible
- porque
- saludos/un abrazo de

T19	Gníomhaíocht/Téama Coiteann:	Eolas a lorg i litir faoi chúrsaí saoire nó socruithe a áirithiú
	Tascanna Cumarsáide:	Litir fhoirmiúil a thosú Eolas a lorg i litir faoi óstán/brú óige/an chóir a chuirtear ar dhaoine i láthair champála Eolas a lorg i litir faoina háiseanna agus na himeachtaí a bhíonn ar siúl i gceantar áirithe Ionad in óstán/i mbrú óige/i láthair champála a chur in áirithe le litir Críoch a chur le litir fhoirmiúil

Roinnt Eiseamláirí: Muy Señor mío:
¿ Podría usted hacerme saber si....?
Quisiera saber si sería posible....
¿ Podría usted hacerme una reserva para ....?
Le saluda atentamente

T20 Gníomaíocht/ Téama Coiteann: Foirm shimplí a líonadh le cabhair eolas a dhéantar a sholáthar.

Tasc Cumarsáide: Roinnt eolais phearsanta mar d'ainm, inscne, staid ó thaobh pósta, dáta agus áit bhreithe, aois agus slí bheatha a thabhairt.

Roinnt Eiseamláirí:
- Masculino/Feminino
- Soltero/Casado
- Ainmneacha tíortha agus cathracha e.g., Irlanda/Inglaterra/Dublín/ Londres etc.
- Dátaí
- Uimhir + años, Uimhir + meses
- Pasatiempos